C/2023/1110

4.12.2023

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Ceathrú Dlísheomra) an 19 Deireadh Fómhair 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Administrativen sad – Varna – an Bhulgáir) – TS, HI v Ministar na zemedelieto, hranite i gorite,

(Cás C-325/22 [1]), Ministar na zemedelieto, hranite i gorite)

(Tarchur chun réamhrialú – Cabhair arna deonú ag Ballstáit – Airteagal 107(1) CFAE – Coincheap 'gnóthas' – Rialachán (AE) 2015/1589 – Cúnamh neamhdhleathach a ghnóthú – Cinneadh (AE) 2015/456 – Babhtáil limistéar foraoise – 'Luach margaidh' a chinneadh)

(C/2023/1110)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Administrativen sad – Varna

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: TS agus HI

Cosantóir: Ministar na zemedelieto, hranite i gorite,

An chuid oibríochtúil

1) Maidir le Cinneadh (AE) 2015/456 ón gCoimisiúin an 5 Meán Fómhair 2014 maidir le scéim cúnamh Uimh. SA.26212 (11/C) (ex 11/NN – ex CP 176/A/08) agus SA.26217 (11/C) (ex 11/NN – ex CP 176/B/08) a chuir Poblacht na Bulgáire chun feidhme i gcomhthéacs babhtáil limistéar foraoise,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní measfar ach daoine a bhfuil talamh faighte acu i gcomhthéacs na n-idirbheart babhtála talún foraoise a bhaineann leis an gcinneadh sin agus a úsáideann an talamh sin chun críocha gníomhaíochta eacnamaíche mar ghnóthais a fhaigheann Státchabhair chun críocha Airteagal 107(1) CFAE.

2) Maidir le hAirteagal 107(1) CFAE agus Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 108 [CFAE],

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear bac ar na critéir chun méid na Státchabhrach a fhaightear ar éadáil talún a chinneadh, i gcomhthéacs babhtáil talún foraoise, ó bheith bunaithe ar mheánphraghsanna na n-idirbheart maoine cláraithe a bhaineann le talamh a bhfuil saintréithe acu atá cosúil leis an talamh atá á luacháil agus atá suite gar dó, inar ceannaí é ceann amháin ar a laghad de na páirtithe, a tugadh i gcrích laistigh de thréimhse 12 mhí roimh an luacháil, ar choinníoll go bhfuil cur i bhfeidhm na gcritéar sin comhoiriúnach le cinneadh an Choimisiúin maidir le haisghabháil na cabhrach sin agus go bhfágann siad gur féidir margadhluach na talún sin a chinneadh tráth a dhéantar an t-idirbheart babhtála.

---

[1] IO C 303, 8.8.2022.